# MEALLADH NA MEÁN

## MODÚL 1:

# CAD IS NA MEÁIN ANN?


## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SEOMRA RANGA

# GNÍOMHAÍOCHT #1

# DÚSHLÁN BLEACHTAIREACHTA MEÁN

**Bain úsáid as an gcur chuige STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL chun na fíorshamplaí seo a fhiosrú.**




Fiosrúchán:

1. **STOP** – Cad é an chéad rud a bhfuil an phostáil seo ag iarraidh d'aird a tharraingt air?
2. **SMAOINIGH** – Cé a chruthaigh é seo? Cén fáth a mbeidís ag iarraidh go n-íoslódálfá an aip?
3. **SEICEÁIL** – Cén áit a mbeadh an t-eolas ar fáil chun déanamh amach an bhfuil tóir ar an aip seo i ndáiríre agus an bhfuil sí sábháilte?

1. **STOP** – Cad é an chéad rud a fheiceann tú – na focail nó an pictiúr? Cén fáth?
2. **SMAOINIGH** – Cad é an gealltanas sa phostáil seo, agus cén fáth a dtabharfadh duine gealltanas mar sin ar líne?
3. **SEICEÁIL** – Cén chaoi a mbeifeá in ann fáil amach cé a chruthaigh an phostáil seo? An fíor-aip í? An bhfuil an rud atá á mhaíomh fíor?

©News Mag Media 2025

# GNÍOMHAÍOCHT #1

# DÚSHLÁN BLEACHTAIREACHTA MEÁN

**Bain úsáid as an gcur chuige STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL chun na fíorshamplaí seo a fhiosrú.**




Foinse: Suíomh gréasáin nuachtáin an Leinster Leader

1. **STOP** – Cén rud a tharraingíonn d'aird ar dtús? An é an cheannlíne, an méid a bhailigh siad nó an grianghraf de na daltaí?

2. **SMAOINIGH** – Cén fáth, meas tú, ar roghnaigh an nuachtán an grianghraf agus an cheannlíne seo? Cén teachtaireacht atá siad ag iarraidh a chur chun cinn faoin scoil nó faoin imeacht?

3. **SEICEÁIL** – Cén chaoi a mbeifeá in ann a dheimhniú go bhfuil an scéal seo fíor? Cén áit a mbeifeá in ann an bunalt a lorg?

# FOLÁIREAMH

Chruthaigh an intleacht shaorga na híomhánna atá le feiceáil i nGníomhaíocht 1 – is éard is intleacht shaorga ann ná ríomhchlár atá in ann grianghraif a chruthú a bhfuil cuma na fírinne orthu, cé nár tharla na rudaí iontu ar chor ar bith. Níl fíor-dhéagóir ar bith sa ghrianghraf sin. Ní ann don seic ollmhór. An inchinn agus na splancacha tintrí? Bhuel, beidh tú in ann an ceann sin a dhéanamh amach thú féin!

Is ceacht tábhachtach é sin: is féidir grianghraif a chruthú, a chumadh agus a cheapadh chomh héasca céanna le postálacha agus ceannlínte. Ní hionann íomhá a bhfuil cuma na fírinne uirthi agus rud a tharla i ndáiríre.

Agus tú ag fiosrú na meán, tá níos mó ná na focail le meas – tá na híomhánna le meas freisin. Cárbh as a tháinig an grianghraf seo? Cé a chruthaigh é? An bhfuil an méid atá á mhaíomh le feiceáil i ndáiríre?

Sa lá atá inniu ann, ní mar a shíltear a bhítear.

©News Mag Media 2026 www.newsmagmedia.ie

# GNÍOMHAÍOCHT #2

# NA MEÁIN NÓ RUD EILE?

Sórtáil, smaoinigh agus mínigh. Is éard is na meáin ann ná aon rud ina bhfuil teachtaireacht ó chruthaitheoir go lucht éisteachta/féachana. Ach ní bhaineann gach rud a fheicimid ó lá go lá leis na meáin. Bíonn sé níos casta uaireanta ná mar a shíltear ar dtús.

## AN TASC

**Tá 16 rud thíos. Cuir iad sna colúin chuí (ar an gcéad leathanach eile).**

| | |
|---|---|
| Gearrfhíseán ar YouTube | Póstaer Scannáin |
| Cárta Breithlae | Teachtaireacht Roblox |
| Méim | Guthnóta |
| Bosca Gránaigh | Amchlár Busanna |
| Admháil ó Shiopa | Fógraíocht Lasmuigh |
| Fógra Raidió | Amhrán ar Spotify |
| Dialann Phríobháideach | Cluiche Peile a Craoladh ar an Teilifís |
| Nóta Lámhscríofa a Cuireadh Thart sa Rang | Seat Scáileáin de Thrácht Greannmhar a Postáladh ar na Meáin Shóisialta |

©News Mag Media 2026 www.newsmagmedia.ie

# GNÍOMHAÍOCHT #2

# NA MEÁIN NÓ RUD EILE?

**Sórtáil, smaoinigh agus mínigh.**
Sórtáil (gearr agus greamaigh nó scríobh) iad sna colúin chearta

| NA MEÁIN | RUD EILE | IDIR DHÁ CHOMHAIRLE |
|---|---|---|
| | | (Beidh ort míniú cén fáth) |

## CEIST DÚSHLÁIN

Roghnaigh dhá rud ón liosta 'Idir dhá chomhairle'. Mínigh cén fáth a mbeadh roinnt daoine den tuairim go mbaineann siad leis an meáin – agus nach mbeadh daoine eile.

**Rud 1:** ______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

**Rud 2:** ______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

©News Mag Media 2026 www.newsmagmedia.ie

## GNÍOMHAÍOCHT #3

# CRUTHAIGH DO CHUID MEÁN FÉIN

Tá dhá fhíseán le cruthú agat faoi do scoil le haghaidh daltaí nua a bheidh ag freastal ar an scoil an bhliain seo chugainn. An scoil chéanna. Na fíricí céanna. Teachtaireachtaí iomlán difriúil.

## LEAGAN A: AN FÍSEÁN DEARFACH

Is breá leat an scoil agus ba mhaith leat go mbeadh sceitimíní ar na daltaí nua

**1. Cad a thaispeánfaidh tú dóibh? (Roghnaigh trí rud)**

- Seomraí ranga agus ceacht ar siúl
- Clós na scoile am sosa
- Foirgneamh na scoile ón taobh amuigh
- Daltaí ag ithe lóin
- Cluiche spóirt nó rang corpoideachais
- An leabharlann
- Imeacht scoile nó léiriú scoile
- Múinteoirí sa seomra foirne

Cén fáth ar roghnaigh tú na trí rud sin?

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**2. Cad a fhágfaidh tú ar lár? (Roghnaigh dhá rud ón liosta thuas)**

____________________________________________________________

Cén fáth a bhfuil na rudaí sin á bhfágáil ar lár agat?

____________________________________________________________

**3. Cén ceol a úsáidfidh tú nó cad iad na fuaimeanna a úsáidfidh tú?**

- Ceol dearfach, bríomhar
- Ceol séimh, suaimhneach
- Ceol ar bith, fuaimeanna nádúrtha amháin
- Daltaí ag caint agus ag gáire
- Eile: ____________________

Cén fáth ar roghnaigh tú sin? ________________________________________

4. **Cén chaoi a gcuirfidh tú tús le d'fhíseán?**

____________________________________________________________

5. **Cén cheannlíne a bheidh ar an scáileán?**

____________________________________________________________

©News Mag Media 2026 www.newsmagmedia.ie

**GNÍOMHAÍOCHT #3**

# CRUTHAIGH DO CHUID MEÁN FÉIN

Tá dhá fhíseán le cruthú agat faoi do scoil le haghaidh daltaí nua a bheidh ag freastal ar an scoil an bhliain seo chugainn. An scoil chéanna. Na fíricí céanna. Teachtaireachtaí iomlán difriúil.

## LEAGAN B: AN FÍSEÁN DIÚLTACH

Ní maith leat an scoil agus tá tú ag iarraidh na fadhbanna atá inti a thaispeáint

1. **Cad a thaispeánfaidh tú dóibh? (Roghnaigh trí rud)**

- Seomraí ranga agus ceacht ar siúl
- Clós na scoile am sosa
- Foirgneamh na scoile ón taobh amuigh
- Daltaí ag ithe lóin
- Cluiche spóirt nó rang corpoideachais
- An leabharlann
- Imeacht scoile nó léiriú scoile
- Múinteoirí sa seomra foirne

Cén fáth ar roghnaigh tú na trí rud sin?

________________________________________________________________

________________________________________________________________

**2. Cad a fhágfaidh tú ar lár? (Roghnaigh dhá rud ón liosta thuas)**

________________________________________________________________

Cén fáth a bhfuil na rudaí sin á bhfágáil ar lár agat?

________________________________________________________________

________________________________________________________________

**3. Cén ceol a úsáidfidh tú nó cad iad na fuaimeanna a úsáidfidh tú?**

- Ceol mall, drámatúil
- Ciúnas
- Ceol ar bith, fuaimeanna nádúrtha amháin
- Daltaí ag gearán
- Eile: ____________________

Cén fáth ar roghnaigh tú sin? ________________________________________________

4. **Cén chaoi a gcuirfidh tú tús le d'fhíseán?** ________________________________________

5. **Cén cheannlíne a bheidh ar an scáileán?**

________________________________________________________________

©News Mag Media 2026 www.newsmagmedia.ie

# GNÍOMHAÍOCHT #3

# CRUTHAIGH DO CHUID MEÁN FÉIN

Tá dhá fhíseán le cruthú agat faoi do scoil le haghaidh daltaí nua a bheidh ag freastal ar an scoil an bhliain seo chugainn. An scoil chéanna. Na fíricí céanna. Teachtaireachtaí iomlán difriúil.

## MACHNAMH:

**Cuir an dá leagan i gcomparáid lena chéile**

1. **Ar thaispeáin tú na rudaí céanna sa dá fhíseán, nó rudaí éagsúla?**

___

___

2. **Cén chaoi ar athraigh do chuid roghanna an teachtaireacht faoin scoil?**

___

___

3. **Dá mbreathnódh duine ar LEAGAN A amháin, cad a cheapfaidís faoin scoil?**

___

___

4. **Da mbreathnódh duine ar LEAGAN B amháin, cad a cheapfaidís faoin scoil?**

___

___

5. **Tá an scoil chéanna sa dá fhíseán. Cé acu ceann atá fíor, mar sin?**

___

___

### MAITH THÚ, a CHRUTHAITHEOIR!

Tá tú tar éis a fhoghlaim go mbraitheann gach mír sna meáin – idir scannán Hollywood agus fhíseán scoile – ar na roghanna a dhéanann an cruthaitheoir. D'fhéadfadh na fíricí céanna scéalta éagsúla a chur in iúl ag brath ar dhearcadh, ar an roghnú agus ar an leagan amach.

Sin an fáth a bhfuil STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL tábhachtach. Fiafraigh díot féin i gcónaí: cé a rinne seo, agus cad ba mhaith leo go gcreidfinn?

### AN FÁTH A gCRUTHAÍONN DAOINE MEÁIN A THUISCINT

Seans nár thaitin an scoil le tuismitheoirí an té a chruthaigh Leagan B agus iad ann na blianta ó shin. Seans nár roghnaíodh iad le bheith ar an bhfoireann peile nó seans go raibh rudaí eile ag cur isteach orthu.

Postálann daoine rudaí ar chúiseanna éagsúla. Ní ortsa atá sé breithiúnas a dhéanamh – ach caithfidh tú a bheith cliste faoin gcaoi a mbaineann tú ciall as na rudaí a chruthaíonn siad. Fiafraigh díot féin: cad iad na rudaí a chuaigh i bhfeidhm ar a gcuid roghanna? Cén dearcadh atá acu?

©News Mag Media 2026 www.newsmagmedia.ie

# GNÍOMHAÍOCHT #4

# CUARDACH FOCAL

Tá an cuardach focal seo lán le focail a bhaineann le saol na meán. An bhfuil tú in ann teacht orthu ar fad? Tá focal sa bhreis ann nach bhfuil ar an liosta.
Leid: *Sábháilte le ...*

- NA MEÁIN ○
- TEACHTAIREACHT ○
- LUCHT FÉACHANA ○
- CRUTHAITHEOIR ○
- ÁBHAR ○
- NUACHTÁN ○
- RAIDIÓ ○
- TEILIFÍS ○
- IRIS ○
- SUÍOMH GRÉASÁIN ○
- PODCHRAOLADH ○
- FÍSEÁN ○
- SÓISIALTA ○
- ROGHANNA ○
- ÍOMHÁNNA ○
- AR LÍNE ○
- ARDÁN ○
- CEANNLÍNE ○
- LEABHARLANN ○
- SÁBHÁILTEACHT ○
- ? ○

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| P | P | C | Y | N | A | C | P | V | P | B | K | T | P | G | N | Y |
| L | T | N | N | O | M | H | O | T | Z | A | N | Y | K | E | D | R |
| A | R | N | Á | Z | H | P | D | G | P | O | T | U | W | W | L | H |
| T | F | L | E | M | A | J | C | Y | R | T | F | S | I | Q | S | L |
| F | J | J | M | T | H | H | A | A | C | C | P | S | M | U | X | F |
| O | T | Q | A | J | N | N | S | R | Q | A | W | R | T | T | J | H |
| R | B | U | N | N | N | O | T | Y | P | N | N | Q | B | M | V | O |
| M | R | V | N | T | N | X | C | E | H | F | G | G | A | H | B | S |
| B | P | V | Ú | S | K | V | R | K | V | W | Y | G | A | Y | I | Y |
| Y | F | D | I | R | P | V | A | D | A | J | A | C | M | L | R | C |
| P | V | C | S | J | E | R | U | A | P | Z | O | F | E | A | A | P |
| J | S | Q | I | G | A | N | D | X | I | C | R | I | R | T | N | D |
| K | E | F | M | D | E | D | I | N | Q | B | S | B | B | E | Z | E |
| A | N | O | I | S | I | V | E | L | E | T | I | B | X | A | T | F |
| Q | B | O | O | W | H | H | N | W | D | L | P | J | S | I | R | Z |
| R | P | Y | C | R | E | M | C | C | E | A | U | I | S | Y | J | E |
| S | O | E | G | A | S | S | E | M | W | F | E | B | G | F | V | F |
| B | P | R | K | C | L | I | T | U | Y | O | E | H | Q | R | A | Q |
| C | I | S | Q | A | H | O | O | G | D | W | A | S | K | O | R | R |
| M | S | R | I | D | N | O | V | F | N | K | Y | C | L | T | X | A |
| G | E | C | W | L | Q | K | I | I | F | W | C | L | I | A | S | Q |
| B | O | D | I | V | T | V | J | C | D | Q | S | A | F | E | T | Y |
| S | A | N | I | M | A | G | E | S | E | E | M | X | P | R | O | W |
| D | E | R | L | A | O | T | D | H | C | S | O | Z | P | C | C | K |

**Dúshlán Breise**
Agus tú críochnaithe, déan do chuid scileanna a thástáil agus cuir na focail in ord aibítre.

©News Mag Media 2026 www.newsmagmedia.ie

# Naisc leis an gCuraclam

| | |
|---|---|
| **Cuid** | Sonraí |
| **Snáithe** | Folláine |
| **Réimse** | Folláine na Meán agus Folláine Dhigiteach |
| **Céim** | Céim 3 – Rang 5 agus Rang 6 |

**Príomhinniúlachtaí**

*FD – A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach*
*FC – A bheith i do smaointeoir criticiúil agus cruthaitheach*
*FG – A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach*
*FS – A bheith i d'fhoghlaimeoir sóisialta*

***Cuspóirí Foghlama***

*Na meáin a thuiscint; plé a dhéanamh ar na meáin thraidisiúnta vs na meáin ar líne; meáin thógtha a aithint; feidhm a cheistiú; STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL a úsáid; íomhánna neamhiontaofa a aithint.*

***Critéir Ratha***

*Na meáin a mhíniú; idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha éagsúla meán; roghanna cruthaitheoirí a aithint; STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL a chur i bhfeidhm; íomhánna neamhiontaofa a aithint; Na Meáin / Rudaí Eile / Idir Dhá Chomhairle a shórtáil.*

***Modheolaíochtaí***

*Plé; eiseamláirí; anailís; sórtáil; gníomhaíocht chruthaitheach; machnamh; stór focal a threisiú.*

***Measúnú***

*Freagraí scríofa; breathnóireacht; ceistiú; mínithe ó bhéal; ceisteanna machnaimh.*

***Idirdhealú***

*Tacaíocht: tosaitheoirí abairtí, grúpaí, roghanna ó bhéal.*
*Dúshlán: foinsí a chur i gcomparáid lena chéile, tionchar a aithint, ceannlínte míthreoracha a chruthú.*

***Nótaí Sábháilteachta***

*Íomhánna a ghin IS; íomhánna a cheistiú; ábhar sábháilte; STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL mar uirlis smaointeoireachta; níl aon teachtaireachtaí bunaithe ar eagla a chruthú ann.*

***Machnamh Múinteora***

*D'fhiosraigh na daltaí meáin thógtha, chuir STOP • SMAOINIGH • SEICEÁIL i bhfeidhm, rinne meáin a rangú, rinne anailís ar íomhánna bréagacha agus rinne tionchar agus iontaofacht a fhiosrú.*

©News Mag Media 2026 www.newsmagmedia.ie